Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2023
(OR. en)

15972/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0155(COD)

TRANS 535
SOC 824
CODEC 2265

# TUARASCÁIL

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15208/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9734/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 24 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí.

2. Is é is aidhm don togra dáileadh níos solúbtha sosanna agus tréimhsí scíthe do thiománaithe gairmiúla atá ag gabháil do sheirbhísí iompair ócáidigh do phaisinéirí, agus ailíniú rialacha idir seirbhísí idirnáisiúnta agus seirbhísí intíre den chineál sin. Níl aon athrú á bheartú ag an gCoimisiún ar íosfhad sosanna nó tréimhsí scíthe ná ar uastréimhsí tiomána. Is é an cuspóir foriomlán seirbhísí éifeachtúla ar ardchaighdeán a áirithiú do phaisinéirí, agus ag an am céanna dálaí oibre na dtiománaithe a fheabhsú, go háirithe chun an strus agus an tuirse a bhíonn orthu a íoslaghdú.

3. Tá rialacha speisialta maidir le sosanna agus amanna scíthe don tseirbhís iompair ócáidigh do phaisinéirí spreagtha ag saintréithe na seirbhíse sin atá éagsúil le gnáthsheirbhís do phaisinéirí agus le hiompar lasta de bhóthar. Baineann sé sin leis an méid a leanas:

– séasúracht,

– idirghníomhaíocht le paisinéirí,

– athruithe *ad hoc* a tharlaíonn go minic ar an bpleanáil,

– meán-am tiomána laethúil níos lú agus

– tiomáint níos comhchruinnithe ag tús agus ag deireadh an turais.

In 2020, d’iarr reachtóirí na hEorpa ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar rialacha a d’fhéadfaí a thabhairt isteach i ndáil leis sin[1].

[1] Féach Airteagal 8(10) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, a cuireadh isteach trí Rialachán (AE) 2020/1054 a leasú, IO L 249, 31.7.2020, lch. 1.

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

4. D’ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo, agus is í Henna VIRKKUNEN (EPP, FI) an rapóirtéir, agus an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) mar choiste comhlachaithe, agus is í Marianne VIND (S&D, DK) an rapóirtéir. Rinneadh vótáil ar thuarascáil Marianne VIND an 7 Samhain 2023, agus ar thuarascáil Henna VIRKKUNEN an 16 Samhain 2023. Tá vótáil sa suí iomlánach beartaithe don tseachtain an 11 go dtí an 14 Nollaig 2023.

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra an 21 Meán Fómhair 2023. Chinn Coiste na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

## III. AN OBAIR I dTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS INA COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

6. Cuireadh an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um Iompar de Thalamh an 7 Meitheamh 2023 faoi Uachtaránacht na Sualainne. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gurbh fhearr leo go ndéanfaí staidéar eolaíoch comhlántach chun meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na rialacha nua maidir le tuirse tiománaithe.

7. Pléadh an téacs reachtach ansin idir an 7 Iúil agus an 13 Samhain 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne. I bprionsabal, thacaigh na toscaireachtaí le rialacha níos solúbtha a thabhairt isteach do thiománaithe i seirbhísí iompair ócáidigh paisinéirí. Bhí tuairimí éagsúla acu maidir le raon feidhme inmhianaithe na solúbthachta agus na gcoimircí gaolmhara, go háirithe maidir leis na híos-sosanna san am tiomána agus maidir le cur siar thús na scíthe laethúla. Ina theannta sin, chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu maidir le hinrialaitheacht na rialacha a eascraíonn astu, maidir le modhanna rialaithe teicniúla agus maidir le doiciméid tacaíochta ar bord an bhus.

8. D’fhorbair an Uachtaránacht togra comhréitigh i mí Mheán Fómhair 2023 lena ndírítear ar raon feidhme na solúbthachta agus na gcoimircí gaolmhara a fhoirmliú go cothrom, agus ar fhorálacha rialaithe a threisiú. Chosain ionadaí an Choimisiúin an togra ón gCoimisiún agus léirigh sé oscailteacht i leith coigeartuithe teoranta sa téacs.

9. Tionóladh an cruinniú deireanach a bhí ag an Meitheal an 13 Samhain 2023. Thacaigh an chuid is mó de na toscaireachtaí leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht. Shíl toscaireacht amháin nach raibh cothromaíocht leordhóthanach sa chomhréiteach. Maidir leis na sosanna sonracha agus na rialacha sonracha maidir le ham scíthe, d'iarr roinnt toscaireachtaí an athuair go ndéanfaí an choimirce don tsolúbthacht a bhaineann le sosanna a ghlacadh le linn na tréimhse tiomána a dhéanamh níos doichte, go laethanta nach faide ná 6 uair an chloig (seachas 7 n-uair an chloig) an t-am tiomána iomlán, rud ar dhiúltaigh toscaireachtaí eile dó. D'fhéadfadh na toscaireachtaí eile aontú leis an teorannú go 7 n-uair an chloig ach, dála ionadaí an Choimisiúin, b'fhearr leo go gcuirfí teorainn leis an tiomáint i rith an lae. D'iarr roinnt toscaireachtaí an athuair go mbeadh níos mó solúbthachta ann agus an t-am scíthe laethúil á chur siar agus go gcuirfí an maolú sin i bhfeidhm maidir le turais ó thréimhse 4 lá ar aghaidh (seachas 6 lá).

10. Maidir leis na forálacha rialaithe, mheas roinnt toscaireachtaí go raibh ualach rómhór ag baint leis na forálacha rialaithe, agus bhí difríochtaí idir tuairimí na dtoscaireachtaí maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart comhchuibhiú na foirme turais a dhéanamh éigeantach nó a bhunú go díreach sa Rialachán fiú. Ina theannta sin, theastaigh ó roinnt toscaireachtaí go gcuirfí dreasacht ar fáil chun leagan tacagraif a thabhairt isteach sa todhchaí, trí úsáid a bhaint as maoluithe, ar choinníoll gur ar bord a bheadh sé, ach bhí toscaireachtaí eile i gcoinne cur chuige den sórt sin ó mheas siad é a bheith ródhocht.

11. Ag eascairt as leasuithe ar an gcomhréiteach tar éis an chruinnithe sin, d'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an 22 Samhain 2023 an comhad i bhfianaise cur chuige ginearálta sa Chomhairle[1]. Thacaigh na toscaireachtaí leis an gcomhréiteach. D'iarr dhá thoscaireacht arís go mbeadh níos mó solúbthachta i raon feidhme na dturas ina bhféadfaí an fhéidearthacht an t-am scíthe laethúil a chur siar a úsáid (Airteagal 8(2a) nua den Rialachán leasaithe). Chuir roinnt toscaireachtaí eile in iúl gurbh fhearr leo go mbeadh coimirce in Airteagal 7 a chuireann srian ar an maolú go dtí i rith an lae. Chríochnaigh an Uachtaránacht an díospóireacht, tar éis di an téacs i mír 5 nua d'Airteagal 16 den Rialachán leasaithe a shoiléiriú, gur cheart an togra a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cur chuige ginearálta.

[1] 15208/23.

12. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hathruithe tábhachtacha a rinneadh i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún mar seo a leanas:

– A mhéid a bhaineann leis na sosanna rialta i rith am tiomána laethúil, leis an maolú lena gceadaítear sosanna níos giorra a úsáid, ceadófar roinnt sosanna arb ionann iad agus 45 nóiméad san iomlán, ar choinníoll go mbeidh gach 15 nóiméad ar a laghad i gceist le gach sos. Ní féidir an maolú a úsáid ach amháin mura faide ná 7 n-uair an chloig an t-am tiomána laethúil carntha,

– A mhéid a bhaineann leis an rogha chun an t-am scíthe laethúil a chur siar (Airteagal 8(2a)), bhí teorainn uair an chloig lena fhad, ach ní féidir an rogha sin a úsáid ach faoi dhó le linn turais ag brath ar a fad. Leathnaíodh cumhdach an turais chun go mbeadh turais 6 lá nó níos faide san áireamh ann (seachas 8 lá),

– A mhéid a bhaineann le forálacha rialaithe (Airteagal 16), beidh iompar foirme turais ar bord, atá in úsáid cheana féin sna seirbhísí ócáideacha idirnáisiúnta do phaisinéirí, mar bhonn le haon cheann de na maoluithe a dhlisteanú. Féadfaidh an Coimisiún na foirmeacha a chomhchuibhiú lena n-úsáid i seirbhísí baile,

– Le linn seiceálacha ar thaobh an bhóthair, ní mór foirmeacha turais a chumhdaíonn turais san am atá caite a chur i láthair freisin,

– Oibreoidh an Coimisiún chun sonraíochtaí tacagraif a nuashonrú, ionas gur féidir an cineál iompair paisinéirí a léamh ón tacagraf sin,

– Soiléiríodh in Airteagal 19 go bhféadfaidh na Ballstáit sáruithe ar rialacha tacagraif a rinneadh i mBallstát eile a ionchúiseamh, nuair a bhraitear an sárú ar a chríoch agus nuair nach bhfuil aon phionós forchurtha fós.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

13. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an <u>gComhairle</u> (<u>Iompar</u>, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an téacs comhréitigh atá <u>i gceangal</u> leis an tuarascáil seo, ag an gcruinniú a bheidh aici an 4 Nollaig 2023.

2023/0155 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na riachtanais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí agus maidir le cumhacht na mBallstát pionóis a ghearradh i leith sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a rinneadh i mBallstát eile**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .

(1) Is den ríthábhacht é dálaí maithe oibre a bheith ag tiománaithe agus dálaí cothroma gnó a bheith ag gnóthais iompair de bhóthar chun earnáil iompair de bhóthar atá éifeachtúil, slán, agus cuntasach i dtéarmaí sóisialta a chruthú, chun an neamh-idirdhealú a áirithiú agus chun oibrithe cáilithe a mhealladh. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach rialacha sóisialta an Aontais maidir le hiompar de bhóthar a bheith soiléir, comhréireach, oiriúnach don chuspóir, éasca a chur i bhfeidhm, agus éasca a fhorfheidhmiú, agus go gcuirtear chun feidhme iad go héifeachtach comhsheasmhach ar fud an Aontais.

(2) Tá feidhm ag na rialacha maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] maidir le hoibreoirí iompair de bhóthar agus a dtiománaithe, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad páirteach in iompar paisinéirí nó earraí nó gan beann ar cé acu, a mhéid a bhaineann le hiompar paisinéirí, atá an t-iompar tráthrialta nó ócáideach.

(3) Mar sin féin, níl sainghnéithe na hearnála iompair ócáidigh paisinéirí de bhóthar i gcoiteann ag an earnáil iompair lasta de bhóthar ná ag an earnáil iompair thráthrialta paisinéirí de bhóthar. Saintréith d’iompar ócáideach paisinéirí de bhóthar is ea an ardséasúracht agus faid éagsúla ama a chaitear ag tiomáint atá ag brath ar na gníomhaíochtaí turasóireachta a dhéanann paisinéirí. Ní mór dó freastal ar iarrataí neamhsceidealaithe agus ar iarrataí gan choinne ó phaisinéirí i dtéarmaí stadanna breise agus athruithe ar an mbealach nó ar an sceideal, nuair is féidir. Go ginearálta, bíonn níos lú ama tiomána i gceist le hiompar ócáideach paisinéirí de bhóthar i gcomparáid le hiompar lasta nó le seirbhísí tráthrialta bus. Chomh maith leis sin, is iondúil go gcodlaíonn tiománaithe in óstáin, agus is annamh a bhíonn siad ag tiomáint san oíche. Ar an taobh eile, d’fhéadfadh tiománaithe a bheith faoi réir roinnt gníomhaíochtaí breise le linn an ama oibre, mar thoradh, go minic, ar idirghníomhaíochtaí le paisinéirí.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

(4) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ex post ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 nach bhfuil cuid de na rialacha aonfhoirmeacha a bhaineann le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe oiriúnach do shainghnéithe seirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar. Léirigh measúnuithe breise a rinne an Coimisiún ina leith sin go bhfuil roinnt de cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir le sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla mí-oiriúnach agus neamhphraiticiúil le haghaidh tiománaithe agus oibreoirí a bhíonn ag gabháil d’iompar ócáideach paisinéirí de bhóthar, toisc go mbíonn tionchar diúltach acu ar an gcumas seirbhísí ócáideacha éifeachtúla ardcháilíochta do phaisinéirí a eagrú, ar dhálaí oibre tiománaithe, agus ar shábháilteacht ar bhóithre dá bharr sin.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí na ceanglais maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe a oiriúnú chomh maith ionas go mbeidh siad oiriúnach do cheanglais shonracha na seirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar. Is iomchuí freisin na rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí ócáideacha iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar a ailíniú.

(6) Níor cheart sábháilteacht na dtiománaithe ná sábháilteacht ar bhóithre a chur i mbaol ar bhealach ar bith ná níor cheart méadú ar bhealach ar bith ar leibhéal tuirse na dtiománaithe ná níor cheart meath ar bhealach ar bith teacht ar dhálaí oibre mar gheall ar rialacha níos solúbtha maidir le sceidealú sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla tiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar. Dá bhrí sin, níor cheart go n-athrófaí leis an tsolúbthacht sin, a mbeadh feidhm aici maidir le tréimhsí 24 uair an chloig le níos lú ná seacht n-uair an chloig tiomána carntha, na rialacha atá ann faoi láthair maidir leis na híos-sosanna iomlána, maidir le huastréimhsí tiomána in aghaidh an lae agus in aghaidh na seachtaine agus maidir leis an uas-am tiomána coicísiúil. Ba cheart go leanfadh na híoscheanglais maidir le ham oibre na ndaoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar, mar a leagtar síos i dTreoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], d’fheidhm a bheith acu fós gan athrú.

---

**1** Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

(7) Chun sainmhíniú aonfhoirmeach ar sheirbhísí ócáideacha do phaisinéirí a áirithiú, is gá a shoiléiriú go gcumhdaíonn an sainmhíniú a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] seirbhísí náisiúnta agus seirbhísí idirnáisiúnta araon. Is iomchuí freisin an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009, lenar aisghaireadh Rialachán (CEE) Uimh. 684/92 ón gComhairle[2], a thabhairt cothrom le dáta.

(8) Níor cheart do sholúbthacht bhreise i sceidealú sosanna le haghaidh tiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar cosc a chur ar na tiománaithe sin sosanna a ghlacadh den fhad íosta is gá chun go mbeidh siad in ann scíth a ligean i gceart. Dá bhrí sin, is iomchuí íosfhad a shocrú i gcás gach sosa. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag tiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar a sos éigeantach a roinnt i sosanna ar leith de 15 nóiméad ar a laghad an ceann, sa bhreis ar an bhféidearthacht eile sos a roinnt.

(9) Chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as an tsolúbthacht bhreise sin i sceidealú thréimhsí scíthe na dtiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar, tá sé fíor-riachtanach raon feidhme na solúbthachta sin a theorannú go soiléir agus foráil a dhéanamh maidir le seiceálacha iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart do thiománaithe a bheith in ann tús a dtréimhsí scíthe laethúla a chur siar ar feadh uastréimhse uair an chloig, i gcásanna nach faide ná 5 nó 7 n-uair an chloig faoi seach an tréimhse tiomána don lá sin, agus níor cheart dóibh tús na dtréimhsí scíthe a chur siar ach amháin nuair atá seirbhísí ócáideacha aonair 6 lá nó níos faide á ndéanamh acu. Ba cheart solúbthacht den sórt sin a theorannú a thuilleadh ionas nach bhféadfar an maolú a úsáid ach uair amháin le linn thréimhse an turais, nó faoi dhó i seirbhísí ócáideacha aonair 8 lá nó níos faide. Ní athraíonn úsáid an mhaolaithe an t-am tosaigh is déanaí de thréimhse scíthe sheachtainiúil. Ba cheart é a bheith indéanta freisin an dara seiceáil a dhéanamh ar imthosca den sórt sin le hasphrionta ón trealamh taifeadta nó ón uainchlár dualgas, de bhreis ar na taifid tacagraif.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (athmhúnlú) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 684/92 ón gComhairle an 16 Márta 1992 maidir le comhrialacha le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 74, 20.3.1992, lch. 1).

(10) Maidir leis an bhféidearthacht an tréimhse scíthe sheachtainiúil a chur siar ar feadh suas le 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile a theorannú go heisiach do sheirbhísí idirnáisiúnta ócáideacha do phaisinéirí, bíonn tionchar diúltach aige sin i dtéarmaí iomaíocht neamhshaofa agus chóir idir oibreoirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá sé chomh maith ag seirbhísí náisiúnta ócáideacha do phaisinéirí a seirbhísí a sholáthar faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le seirbhísí idirnáisiúnta ócáideacha do phaisinéirí i dtéarmaí an achair a thaistealaítear nó an fhaid nó na seirbhísí a chuirtear ar fáil do phaisinéirí. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbainfeadh seirbhísí náisiúnta ócáideacha do phaisinéirí tairbhe as an bhféidearthacht sin freisin.

(10a) Ionas go mbeidh rialuithe éifeachtacha agus éifeachtúla ann ar úsáid chuí na solúbthachta i sosanna sceidealaithe agus ar an bhféidearthacht na tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla i seirbhísí ócáideacha paisinéirí a chur siar, ba cheart do na tiománaithe 'foirm thurais' a bheith acu ar bord na feithicle, le linn an turais, ina mbeidh an phríomhfhaisnéis faoin turas; tá foirm thurais den sórt sin in úsáid cheana féin sa tseirbhís iompair ócáideach idirnáisiúnta do phaisinéirí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009. I gcomhréir leis na forálacha rialaithe i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 maidir le taifid láimhe a choinneáil, ba cheart do na tiománaithe cóipeanna páipéir nó leictreonacha d'fhoirmeacha turais lena gcumhdaítear iompar ócáideach a rinneadh sna 28 lá roimhe sin a bheith ar bord acu agus, ón 31 Nollaig 2024, sna 56 lá roimhe sin. Ba cheart don Choimisiún, agus sonraíochtaí teicniúla an tacagraif á n-athbhreithniú aige, féidearthacht a fhorbairt chun cineál na seirbhíse do phaisinéirí a thaifeadadh (seirbhís rialta nó ócáideach do phaisinéirí).

(10b) Le Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, ceanglaítear ar na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán sin agus ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ina breithiúnas i gcás C-906/19, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl go soiléir go bhfuil cosc ar na Ballstáit pionós a fhorchur tar éis dóibh a fháil amach go ndearnadh sárú ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ar chríoch Ballstáit eile agus nach bhfuil pionós forchurtha ina leith fós, agus gur aithníodh i mír 45 di a mhéid a d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag an ngné sin de rialacha an Aontais atá i bhfeidhm ar dhálaí oibre tiománaithe agus ar shábháilteacht ar bhóithre, gur faoi reachtas an Aontais Eorpaigh atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le haon leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Ós rud é gur minic a tharlaíonn sáruithe ar an dá Rialachán sin ag an am céanna agus gurb é cuspóir Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 comhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a áirithiú, is iomchuí go mbainfeadh forchur pionós ar ghnóthas nó ar thiománaí as sárú a bhraitear ar chríoch Ballstáit amháin, ach a dhéantar ar chríoch Ballstáit eile, le sáruithe ar an dá Rialachán.

(11) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, is iad sin iomaíocht chóir a áirithiú agus dálaí oibre agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le sosanna agus tréimhsí scíthe le haghaidh tiománaithe atá ag gabháil do sheirbhísí ócáideacha iompair paisinéirí de bhóthar, agus lena áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit pionóis a ghearradh ar sháruithe ar rialacha tacagraif a bhraitear ar a chríocha gan beann ar an áit inar tharla na sáruithe, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a ghnóthú uathu féin amháin, ach, mar gheall ar chineál na gcuspóirí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (n):

'(n) 'ciallaíonn 'seirbhísí tráthrialta do phaisinéirí' seirbhísí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí 2 agus 3, de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

---

* Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).';

(b) cuirtear isteach an pointe (na) seo a leanas:

'(na) ciallaíonn 'seirbhísí ócáideacha do phaisinéirí' seirbhísí ócáideacha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 4, de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009;';

(2) in Airteagal 7, cuirtear isteach an ceathrú mír seo a leanas:

'I gcás tiománaí atá ag gabháil do sheirbhís ócáideach do phaisinéirí, féadfar freisin sosanna de 15 nóiméad ar a laghad an ceann a chur in ionad an tsosa dá dtagraítear sa chéad mhír, ar sosanna iad a dháilfear i gcaitheamh na tréimhse tiomána dá dtagraítear sa chéad mhír, ar bhealach a chomhlíonfaidh an chéad mhír, ar choinníoll nach dtéann am tiomána laethúil carntha iomlán an lae sin thar 7 n-uair an chloig.

(3) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Ar choinníoll nach gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá dheasca, féadfaidh tiománaí atá i mbun seirbhís ócáideach aonair do phaisinéirí a mhaireann 6 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile ar a laghad maolú ar mhír 2, an chéad fhomhír, tríd an tréimhse scíthe laethúil a ghlacadh uair amháin laistigh de 25 uair an chloig ar a mhéad tar éis dheireadh na tréimhse scíthe laethúla nó na tréimhse scíthe seachtainiúla roimhe sin, ar choinníoll nach ndeachaigh an t-am tiomána carntha don lá sin thar 7 n-uair an chloig. Agus na coinníollacha céanna á gcomhlíonadh, féadfar an maolú seo a úsáid faoi dhó i seirbhís ócáideach aonair do phaisinéirí a mhairfidh 8 dtréimhse 24 uair an chloig as a chéile ar a laghad.’;

(b) i mír 6a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘De mhaolú ar mhír 6, féadfaidh tiománaí atá ag gabháil do sheirbhís aonair ócáideach do phaisinéirí an tréimhse scíthe sheachtainiúil a chur siar ar feadh suas le 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile tar éis tréimhse scíthe sheachtainiúil thráthrialta roimhe sin, ar choinníoll:’;

(c) i mír 6a, scriostar pointe (a);

(4) In Airteagal 16, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘4. Chun críche seiceálacha ar thaobh an bhóthair, beidh an tiománaí in ann údar a thabhairt le húsáid na maoluithe faoi Airteagal 7(4) agus Airteagal 8(2a) agus (6a) :

(a) trí fhoirm chomhlánaithe (‘foirm thurais’) a bheith aige ar bord na feithicle. Tá an gnóthas iompair freagrach as foirmeacha turais comhlánaithe a thabhairt don tiománaí roimh gach turas. San fhoirm thurais beidh ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas:

(i) an cineál seirbhíse;

(ii) an príomhchúrsa taistil, lena n-áirítear dátaí an turais;

(iii) an t-iompróir/na hiompróirí lena mbaineann.

(b) trí chóipeanna páipéir nó leictreonacha d'fhoirmeacha turais den sórt sin a chlúdaíonn na 28 lá roimhe sin a bheith ar bord aige, agus, ón 31 Nollaig 2024, na 56 lá roimhe sin. Scoirfidh an oibleagáid sin d'fheidhm a bheith aici nuair a úsáidfidh an fheithicil tacagraf lena gceadaítear an cineál seirbhíse paisinéirí dá dtagraítear i mír 5 a thaifeadadh.

I gcás seirbhísí náisiúnta, féadfar an fhoirm thurais lena ndéantar iarratas ar sheirbhísí idirnáisiúnta a úsáid, agus é oiriúnaithe lena léiriú go bhfuil an fhoirm a úsáid don tseirbhís náisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, formáid na foirme turais a bhunú do sheirbhísí náisiúnta chun rialú a shimpliú, más iomchuí. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2a).

5. Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú aonfhoirmeach Airteagal 7(4) agus Airteagal 8(2a) agus (6a) a áirithiú, áireoidh an Coimisiún, a luaithe is féidir agus athbhreithniú á dhéanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/799 ón gCoimisiún nó aon ghníomh cur chun feidhme a chuirfear ina ionad, sonraíochtaí teicniúla iomchuí lena bhféadfar sonraí a bhaineann le cineál na seirbhíse do phaisinéirí, eadhon seirbhís rialta nó ócáideach do phaisinéirí, a thaifeadadh agus a stóráil ar an tacagraf. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2a); socrófar dáta chur i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme sin tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha.';

(5) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 2:

'2. Cuirfidh Ballstát ar chumas na n-údarás inniúla pionós a fhorchur ar ghnóthas agus/nó tiománaí as sárú ar an Rialachán seo nó ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a bhraitear ar a chríocha, sárú nach ndearnadh pionós a fhorchur ina leith go fóill, fiú i gcás ina ndéantar an sárú sin ar chríocha Ballstáit nó tríú tír eile.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |